Gaeilge
Abhantrach
Bhearna
Chnoc na Cathrach

*Bealtaine 2024*
*Eagrán a 8*

## CLUB LEABHAR D'FHOGHLAIMEOIRÍ GAEILGE

Tá club leabhar nua á bhunú againn i gcomhar leis An gComhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta. Beidh an club seo dírithe ar dhaoine atá ag foghlaim na Gaeilge, ach má tá a dhóthain éilimh ann, cuirfear seisiún eile ar siúl do chainteoirí líofa nó dóibh siúd a bhfuil caighdeán níos airde acu.

Beidh muid ag bualadh lena chéile don chéad uair Dé Máirt 21 Bealtaine ag 8in i Súil Eile Space, i mBearna. Buail isteach chun do leabhar a bhailiú agus chun bualadh leis an gcuid eile den ghrúpa! Má tá aon eolas eile uait, déan teagmháil le Róisín ar 086-0819446.




We are starting a new Irish language book club, in partnership with COGG! This book club will be aimed at those who are learning Irish, but if there is enough demand there, we will also have a session for fluent speakers or those with a higher level of Irish.

We will be meeting in Súil Eile Space on Tuesday 21st May at 8pm. Pop in to collect your book and to meet the group! For more information, contact Róisín on 086-0819446.

## CLUICHÍ AGUS CÁRTAÍ

Beidh cluichí agus cártaí á imirt againn Tí Donnelly i mBearna, Déardaoin 23 Bealtaine ó 8in ar aghaidh. Is deis iontach a bheas anseo do dhaoine a gcuid Gaeilge a chleachtadh go neamhfhoirmiúil, in atmaisféar taitneamhach, agus bualadh le daoine eile a bhfuil Gaeilge acu.




## GAME NIGHT 'AS GAEILGE'

We are hosting a game night 'as Gaeilge' in Donnelly's of Barna, Thursday 23rd May from 8pm onwards. We will have board games and card games on the night, and it's a great opportunity to practice your 'cúpla focal'.

## SUÍ 'S SPRAOI

Buaileann an grúpa seo de thuismitheoirí agus a gcuid páistí le chéile chuile Chéadaoin i Súil Eile Space i mBearna ag 11.30rn. Is deis iontach atá anseo chun bualadh le tuismitheoirí eile atá ag tógáil a gclainne le Gaeilge agus is deis atá ann do na páistí bualadh le cairde nua! Is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le hElaine ag 083 2055378.




## PARENT AND TODDLER GROUP

This parent and toddler group meets every Wednesday in Súil Eile Space in Barna at 11.30am. This is a great opportunity to meet other parents who are raising their children with Irish and it's a great opportunity for the children to make new friends! For more information, please contact Elaine on 083 2055378.

## PLEAN TEANGA SEOLTA

Tháinig na sluaite daoine le chéile Dé Sathairn 20 Aibreán agus plean teanga Bhearna – Chnoc na Cathrach á sheoladh in Áras Mhic Amhlaigh. Bhí idir óg agus sean i láthair do na cainteanna agus an seoladh oifigiúil, agus bhí réimse d'imeachtaí agus ceardlanna ar siúl ina dhiaidh sin a bhí feiliúnach do chuile aoisghrúpa. Ba mhaith le Gaeilge ABC buíochas a ghabháil le gach duine a thacaigh leis an ócáid, leis na coistí agus leis an bpobal a tháinig agus a ghlac páirt ann, agus tá súil againn tógáil ar an rath a bhí ar an ócáid seo agus tuilleadh a phleanáil amach anseo.




## LANGUAGE PLAN LAUNCHED




Crowds of people gathered in Áras Mhic Amhlaigh on Saturday 20th April for the launch of the Barna – Knocknacarra Irish language plan. Both young and old were present for the speeches and the official launch, and a range of events and workshops took place afterwards which were suitable for every age group. Gaeilge ABC would like to thank everyone who supported the occasion, the committees and the community that came and took part in it, and we hope to build on the success of this event and plan much more in the future.





# FÓGRAÍ POIST




Tá poist páirtaimseartha ar fáil i Naíonra agus in Iarscoil Áras Mhic Amhlaigh. Bheadh na poist seo feiliúnach do mhic léinn le Gaeilge. Is féidir iarratas a dhéanamh trí theagmháil a dhéanamh le Pattie ag 091 595 337 nó pattie@cnng.ie

There are part-time jobs available in the Naíonra and the After School in Áras Mhic Amhlaigh. These positions would be suitable for college students who have Irish. Applications can be made by contacting Pattie on 091 595 337 or pattie@cnng.ie

Tá dhá phost mar Oifigigh Pleanála Teanga fógartha i Limistéar Pleanála Teanga Chois Fharraige. Tá tuilleadh eolais le fáil ach teagmháil a dhéanamh ag 086 273 2279 nó ptchoisfharraige@gmail.com.

There are two positions available as Irish Language Planning Officers in Cois Fharraige. More information available by contacting 086 273 2279 or ptchoisfharraige@gmail.com.



## SÚIL EILE SPACE, BEARNA

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile an **Déardaoin deireanach de chuile mhí ag a 11.00** i Súil Eile Space, Bearna. Beidh an chéad cheann eile ar siúl **Déardaoin 30 Bealtaine.** Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

A conversation circle meets in Súil Eile Space in Barna **at 11.00 on the last Thursday of every month**. The next conversation circle will take place **Thursday 30th May.** Everyone is welcome, whatever your level of Irish!



## CLYBAUN HOTEL

Bíonn ciorcal comhrá ag bualadh lena chéile chuile mhaidin Dé hAoine in Óstán an Chlaí Bháin ag a 11.00. Tá fáilte mhór roimh chuile dhuine, is cuma cén leibhéal Gaeilge atá agat!

A conversation circle meets every Friday morning at 11.00 in the Clybaun Hotel. Everyone is very welcome, regardless of your level of Irish!

